BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

9 Eanáir 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí – Treoir 2004/18/CE – Airteagal 31(1)(b) – Nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré – Coinníollacha – Cúiseanna teicniúla – Cúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint – Inleagthacht ar an údarás conarthach – Imthosca fíorasacha agus dlíthiúla atá le cur san áireamh)

I gCás C-578/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Nejvyšší správní soud (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, Poblacht na Seice), trí bhreith an 12 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 19 Meán Fómhair 2023, sna himeachtaí

Česká republika – Generální finanční ředitelství

v

Úřad pro ochranu hospodářské soutěže,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Jürimäe, Uachtarán an Dara Dlísheomra, ag gníomhú mar Uachtarán an Tríú Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, ag gníomhú mar Bhreitheamh an Tríú Dlísheomra, N. Jääskinen, M. Gavalec (Rapóirtéir) agus N. Piçarra, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na Seice, ag L. Halajová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Slóvaice, ag E. Larišová agus S. Ondrášiková, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Monfort agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an tSeicis.

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 26 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO 2004 L 134, lch. 114), a aisghaireadh agus ar cuireadh Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí ina ionad agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65).

2 Rinneadh an iarraidh ar réamhrialú seo in imeachtaí idir Česká republika – Generální finanční ředitelství (Ard-Stiúrthóireacht an Airgeadais, Poblacht na Seice) ('ASA') ag Úřad pro ochranu hospodářské soutěže (an Oifig um Chosaint Iomaíochta, Poblacht na Seice) ('an t-údarás iomaíochta') maidir le cinneadh an údaráis iomaíochta sin go ndearna ASA sárú, a d'úsáid, gan na coinníollacha is gá chun na críche sin a chomhlíonadh, nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear le hAirteagal 28 de Threoir 2004/18, dar teideal 'Úsáid nósanna imeachta oscailte, srianta agus idirbheartaithe agus idirphlé iomaíoch', don mhéid seo a leanas:

'Agus a gconarthaí poiblí á ndámhachtain acu, cuirfidh údaráis chonarthacha na nósanna imeachta náisiúnta, arna gcoigeartú chun críocha na Treorach seo, i bhfeidhm.

Déanfaidh siad na conarthaí poiblí sin a dhámhachtain trí úsáid a bhaint as an nós imeachta oscailte nó srianta. Sna himthosca sonracha dá bhforáiltear go sainráite in Airteagal 29, féadfaidh údaráis chonarthacha a gconarthaí poiblí a dhámhachtain trí bhíthin an idirphlé iomaíoch. Sna cásanna sonracha agus sna himthosca sonracha dá bhforáiltear go sainráite in Airteagail 30 agus 31, féadfaidh siad nós imeachta idirbheartaithe a úsáid, le nó gan fógra conartha foilsithe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 31(1) den Treoir sin, dar teideal 'Cásanna lena dtugtar bonn cirt le húsáid an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú':

'Féadfaidh údaráis chonarthacha a gconarthaí poiblí a dhámhachtain trí nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré a úsáid sna cásanna seo a leanas:

(1) i gcás conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí:

[...]

(b) nuair, ar chúiseanna teicniúla nó ealaíonta, nó ar chúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint, nach bhféadfar an conradh a dhámhachtain ach ar oibreoir eacnamaíoch ar leith;
(c) a mhéid atá fíorghá leis nuair, ar chúiseanna fíorphráinne a eascraíonn as teagmhais nach féidir leis na húdaráis chonarthacha atá i gceist a thuar, nach féidir an teorainn ama maidir leis na nósanna imeachta oscailte, srianta nó idirbheartaithe lena ngabhann foilsiú fógra conartha dá dtagraítear in Airteagal 30 a chomhlíonadh. Ní féidir na himthosca arna maíomh chun bonn cirt a thabhairt d'fhíorphráinn a chur i leith na n-údarás conarthach in aon chás'.[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Seice

5 Rinne zákon č. 137/2006 Sb. o veřejných zakázkách (Dlí Uimh. 137/2006 maidir le soláthar poiblí, 'an Dlí maidir le conarthaí poiblí') Treoir 2004/18 a thrasuí i ndlíchóras na Seice.

6 Foráiltear le hAirteagal 21(2) den Dlí sin:

'Féadfaidh an t-údarás conarthach, d'fhonn conradh poiblí a dhámhachtain, nós imeachta oscailte nó nós imeachta srianta a úsáid, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 22 agus 23, nós imeachta idirbheartaithe a úsáid freisin lena ngabhann foilsiú nó nós imeachta idirbheartaithe gan foilsiú; ní fhéadfar an nós imeachta oscailte a úsáid le haghaidh conarthaí poiblí i réimse na cosanta nó na slándála.'

7 Leagtar amach, le hAirteagal 23(4)(d) den Dlí céanna:

'Féadfaidh an t-údarás conarthach conradh poiblí a dhámhachtain freisin trí bhíthin nós imeachta idirbheartaithe gan foilsiú i gcás, ar chúiseanna teicniúla nó ealaíonta, ina bhfuil cúiseanna ann a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint nó cúiseanna a eascraíonn as rialacha sonracha, nach bhféadfaidh ach soláthróir sonrach an conradh poiblí a chomhlíonadh.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

8 An 29 Meitheamh 1992, thug an Ministerstvo financí (an Aireacht Airgeadais, Poblacht na Seice) conradh i gcrích le IBM World Trade Europe/Middle East/Africa Corporation ('an conradh tosaigh'), as ar eascair córas faisnéise le haghaidh riarachán cánach na Seice.

9 Tá ASA, a bunaíodh in 2013 agus atá freagrach as bainistíocht cánach i bPoblacht na Seice, tagtha in ionad na hAireachta sin sa réimse seo.

10 Tar éis nós imeachta idirbheartaithe a thionscnamh, an 1 Márta 2016, gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, de bhun Airteagal 23(4)(a) den Dlí maidir le conarthaí poiblí, rinne ASA, i gcomhthéacs an nós imeachta sin, an 20 Bealtaine 2016, an conradh poiblí chun an córas faisnéise sin a chothabháil a dhámhachtain, ar a raibh luach CZK 33 294 389 (thart ar EUR 1 300 000), gan cáin bhreisluacha (CBL) san áireamh, ar an gcuideachta IBM Česká republika spol. s r. o., arbh é IBM World Trade Europe/Middle East/Africa Corporation an t-aon scairshealbhóir de in 1992.

11 Ba é ba chúis le húsáid nós imeachta den sórt sin ná cúiseanna a bhaineann leis an leanúnachas teicniúil idir an córas faisnéise atá i gceist agus cothabháil iar-ráthaíochta an chórais sin, chomh maith le cúiseanna a bhaineann le cosaint chóipcheart eisiach IBM Česká republika i gcód foinseach an chórais sin ('staid eisiachais'). I gcomhréir le coinníollacha an chonartha tosaigh, is í an chuideachta sin sealbhóir na gceart ceadúnais don chóras sin.

12 Lena chinneadh an 9 Deireadh Fómhair 2017, chinn an t-údarás iomaíochta go ndearna ASA sárú tríd an gconradh poiblí atá i gceist a dhámhachtain do IBM Česká republika. Dámhadh an conradh sin gan na coinníollacha a chomhlíonadh maidir leis an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Ar an gcéad dul síos, níor léirigh ASA, ar chúiseanna teicniúla, nach bhféadfadh ach IBM Česká republika an conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí a chomhlíonadh. Ar an dara dul síos, bhí an gá lena chearta eisiacha a chosaint ar an gcód foinseach sin mar thoradh ar iompar an réamhtheachtaí i ndlí ASA roimhe seo.

13 Tar éis diúltú don achomharc riaracháin a rinne ASA i gcoinne an chinnidh sin le cinneadh ó Uachtarán an údaráis iomaíochta, thionscain ASA caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair Krajský soud v Brně (an Chúirt Réigiúnach, Brno, Poblacht na Seice).

14 Dhiúltaigh an chúirt sin don chaingean sin ar an bhforas, *inter alia*, gur iompar an réamhtheachtaí i dteideal ASA ba chúis leis an oibleagáid an conradh a dhámhachtain do IBM Česká republika mar gheall ar an ngá atá lena chóipcheart eisiach a urramú.

15 Dá bhrí sin, rinne ASA achomharc ar phointe dlí os comhair an Nejvyšší správní soud (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, Poblacht na Seice), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

16 Os comhair na cúirte sin, maíonn ASA nár eascair staid eisiachais IBM Česká republika as sin ná as a réamhtheachtaí dlí. Ar an dáta a tugadh an conradh tosaigh i gcrích, an 29 Meitheamh 1992, ba é scairshealbhóir aonair na cuideachta sin an t-aon oibreoir eacnamaíoch a bhí in ann na seirbhísí is gá a sholáthar. Luaitear ann freisin go raibh téarmaí an chonartha tosaigh a bhaineann le cóipcheart i gcód foinseach an chórais faisnéise atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin. Deir ASA go ndearna sé iarracht é féin a scaoileadh óna 'spleáchas' ar IBM Česká republika, ach gur chuir IBM Česká republika in iúl dó go raibh sé ar intinn aige gan an cóipcheart eacnamaíoch sa chód foinseach sin a aistriú. Mura mbeadh an nós imeachta idirbheartaithe roghnaithe aige gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, bheadh an córas faisnéise sin neamh-inúsáidte agus ní fhéadfadh an t-údarás cánach a chúram a chur i gcrích. Thairis sin, ní bheadh sé réasúnta ó thaobh airgeadais de nós imeachta um dhámhachtain conradh poiblí a sheoladh chun córas faisnéise nua a sholáthar do riarachán cánach na Seice.

17 Óna thaobh féin de, sonraíonn an t-údarás iomaíochta go raibh sé soiléir, tráth a síníodh an conradh tosaigh, go raibh gá le cothabháil agus cúnamh chun go bhfeidhmeodh an córas faisnéise atá i gceist sna príomhimeachtaí i gceart. De réir an údaráis sin, in ionad forbairt sa reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh, bhí réamhtheachtaí ASA agus ASA ag brath ar léiriú ar an gconradh tosaigh agus ar an Dlí maidir le conarthaí poiblí lenarbh fhéidir an córas faisnéise sin a riar gan glao ar iomaíocht, go heisiach trí nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré.

18 Deir an chúirt a rinne an tarchur nár iarradh ar an gCúirt Bhreithiúnais go dtí seo réamhrialú a thabhairt ar léiriú Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18. Measann sí nach féidir conradh poiblí a dhámhachtain d'oibreoir eacnamaíoch ar leith i gcomhthéacs nós imeachta idirbheartaithe gan

fógra conartha a fhoilsiú roimh ré i gcás ina bhfuil an chúis le dámhachtain an chonartha sin a bhaineann le cosaint na gceart eisiach inchurtha i leith an údaráis chonarthaigh. Mar sin féin, cuireann an chúirt sin in iúl go bhfuil gá le léiriú na forála sin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla atá ábhartha don mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an inchurthacht sin ann. Deir an chúirt sin freisin nach bhfuil a cásdlí féin aonchiallach ina leith sin.

19 Sna himthosca sin, chinn an Nejvyšší správní soud (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, Poblacht na Seice) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘D’fhonn a mheas an bhfuil an coinníoll substainteach maidir leis an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú a úsáid comhlíonta, i.e. ar chruthaigh iompar an údaráis chonarthaigh staid eisiachais de réir bhrí Airteagal 31(1)(b) de Threoir [2004/18], an bhfuil na himthosca dlíthiúla agus fíorasacha a bhaineann le tabhairt i gcrích conartha tosaigh as a n-eascraíonn conarthaí poiblí ina dhiaidh sin le cur san áireamh?’

An cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

20 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18 a léiriú sa chaoi, d’fhonn a mheas ar eascair staid eisiachais as iompar an údaráis chonarthaigh, de réir bhrí na forála sin, nach mór na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla a bhaineann le tabhairt i gcrích conartha don chéad seirbhís, as ar eascair conarthaí poiblí ina dhiaidh sin, a chur san áireamh.

21 Rinneadh Treoir 2004/18 a aisghairm agus cuireadh Treoir 2014/24 ina ionad le héifeacht ón 18 Aibreán 2016.

22 I gcomhréir le cásdlí socair, is í an Treoir is infheidhme *ratione temporis* maidir le dámhachtain conartha phoiblí, i bprionsabal, an Treoir sin atá i bhfeidhm tráth a roghnaíonn an t-údarás conarthach an cineál nós imeachta atá le leanúint agus a chinneann go cinntitheach cé acu atá nó nach bhfuil oibleagáid ann iomaíocht a iarraidh roimh ré chun an conradh poiblí sin a dhámhachtain (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2024, *NFŠ*, C-28/23, EU:C:2024:893, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur thionscain ASA nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré an 1 Márta 2016. Dá bhrí sin, is amhlaidh atá feidhm ag Treoir 2004/18 maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, gan beann ar an bhfíoras gur dámhadh an conradh poiblí ar IBM Česká republika an 20 Bealtaine 2016, tar éis an dáta a aisghaireadh an Treoir sin.

24 I bhfianaise na réamhbharúlacha sin, ba cheart a mheabhrú nach bhféadfar an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré a úsáid ach amháin sna himthosca a luaitear go huileghabhálach in Airteagal 31 de Threoir 2004/18 agus go bhfuil an nós imeachta sin, i gcomparáid leis na nósanna imeachta oscailte agus srianta dá dtagraítear in Airteagal 28 den Treoir sin, de chineál eisceachtúil (féach, chuige sin, breithiúnais an 23 Aibreán 2009, *an Coimisiún* v *an Bheilg*, C-292/07, EU:C:2009:246, mír 106, agus an 11 Meán Fómhair 2014, *Fastweb*, C-19/13, EU:C:2014:2194, mír 49).

25 Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18, i gcás conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí, go bhféadfaidh údaráis chonarthacha a gconarthaí poiblí a dhámhachtain trí nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré más rud é, ar chúiseanna teicniúla nó ealaíonta nó ar chúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint, nach bhféadfar an conradh a dhámhachtain ach ar oibreoir eacnamaíoch áirithe.

26 Ceadaítear leis an bhforáil sin nós imeachta den sórt sin a úsáid faoi réir dhá choinníoll charnacha, eadhon, ar an gcéad dul síos, cúiseanna teicniúla nó ealaíonta nó cúiseanna a bhaineann le cosaint ceart eisiach a bhaineann le hábhar an chonartha a bheith ann agus, ar an dara dul síos, go bhfágann na cúiseanna sin go bhfuil sé fíor-riachtanach an conradh a dhámhachtain d'oibreoir eacnamaíoch áirithe (féach, de réir analaí, breithiúnais an 18 Bealtaine 1995, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, C-57/94, EU:C:1995:150, mír 24, agus an 2 Meitheamh 2005, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-394/02, EU:C:2005:336, mír 34).

27 De mhaolú ar na rialacha atá beartaithe chun éifeachtacht na gceart a aithnítear le dlí an Aontais i réimse na gconarthaí poiblí a áirithiú, ní mór an fhoráil sin a léiriú go docht agus is faoin duine atá ag iarraidh brath uirthi atá sé a chruthú go gcomhlíontar na coinníollacha carnacha sin (féach, de réir analaí, breithiúnais an 10 Márta 1987, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, 199/85, EU:C:1987:115, mír 14, agus an 15 Deireadh Fómhair 2009, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-275/08, EU:C:2009:632, míreanna 55 agus 56).

28 Sna himthosca sin, is gá, ar an gcéad dul síos, a fháil amach an gcaithfidh an t-údarás conarthach a shuíomh freisin, mar a shonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil sé inchurtha i leith na staide eisiachais. Ní mór a mheas nach leagtar síos ceanglas den sórt sin le foclaíocht Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18. Ar an taobh eile, ceanglaítear go sainráite le hAirteagal 31(1)(c) den Treoir sin nach féidir na himthosca arna maíomh chun bonn cirt a thabhairt le fíorphráinn, lena gceadaítear dul ar iontaoibh nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, a chur i leith na n-údarás conarthach in imthosca ar bith.

29 Mar sin féin, dá gcuirfí san áireamh go heisiach an difríocht i bhfoclaíocht Airteagal 31(1)(b) agus Airteagal 31(1)(c) de Threoir 2004/18, d'fhéadfaí neamhaird a thabhairt, ar an gcéad dul síos, ar an ngá atá le léiriú docht sriantach a dhéanamh ar Airteagal 31 den Treoir sin agus, ar an dara dul síos, ar phríomhchuspóir rialacha conarthaí poiblí an Aontais, eadhon saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus conarthaí poiblí a oscailt don iomaíocht sna Ballstáit uile (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Nollaig 2016, *Undis Servizi*, C-553/15, EU:C:2016:935, mír 28, agus an 4 Meitheamh 2020, *Asmel*, C-3/19, EU:C:2020:423, mír 58).

30 Ina theannta sin, chinn an Chúirt cheana féin nach féidir bonn cirt a thabhairt le dul ar iontaoibh an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, trí bhrath ar shainiúlacht theicniúil na mbogearraí a úsáidtear sa riarachán náisiúnta, arb iad ábhar an chonartha soláthair iad, in éagmais fianaise go ndearnadh taighde tromchúiseach d'fhonn oibreoirí a shainaithint, nach ionann iad agus an soláthróir ar dámhadh an conradh air, ar dócha go dtíolacfaidh siad bogearraí oiriúnacha (breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2009, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-275/08, EU:C:2009:632, míreanna 57 go 64).

31 Dá réir sin, ceanglaítear ar údarás conarthach gach ní a dhéanamh a mbeifí ag súil leis le réasún chun cur i bhfeidhm Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18 a sheachaint agus chun bheith in ann nós imeachta atá níos oscailte don iomaíocht a úsáid. Bheadh sé ar neamhréir leis an gceanglas sin cead a thabhairt d'údarás conarthach den sórt sin an fhoráil sin a chur i bhfeidhm nuair atá cruthú

nó cothabháil na staide eisiachais ar a bhfuil sé ag brath chun na críche sin inchurtha ina leith, go háirithe toisc, chun an toradh atá á lorg ag an gconradh lena mbaineann a bhaint amach, nár ghá don údarás conarthach sin staid eisiachais den sórt sin a chruthú nó go raibh modhanna réadacha agus réasúnacha aige ó thaobh na heacnamaíochta de chun deireadh a chur le cás den sórt sin.

32 Dá bhrí sin, chun críocha Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18, ní mór d'údarás conarthach a shuíomh, ar an gcéad dul síos, go gcomhlíontar an dá choinníoll charnacha dá dtagraítear i mír 26 den bhreithiúnas seo agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil cúiseanna teicniúla, ealaíonta nó cúiseanna a bhaineann le cosaint ceart eisiach a bhaineann le hábhar an chonartha inchurtha ina leith.

33 Ar an dara dul síos, maidir leis an measúnú, arna dhéanamh ag cúirt náisiúnta inniúil, go bhfuil a leithéid de chur i leith údarás conarthach ann, is faoin gcúirt sin atá sé a chinneadh an bhfuil iompar an údaráis chonarthaigh sin, go háirithe agus conradh níos luaithe as ar eascair an conradh poiblí lena mbaineann á thabhairt i gcrích, mar bhunús le staid eisiachais a bheith tagtha chun cinn, lena bhféadfaí, go teoiriciúil, bonn cirt a thabhairt le cur i bhfeidhm Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18 chun an conradh poiblí lena mbaineann a dhámhachtain. Ní mór don chúirt náisiúnta sin scrúdú a dhéanamh freisin an bhfuil gníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht an údaráis chonarthaigh chéanna ina cúis le leanúint le staid eisiachais den sórt sin go dtí go gcinneann an t-údarás conarthach an nós imeachta idirbheartaithe a leanúint gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré.

34 Chun críocha an fhíoraithe sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 51 agus 59 dá Thuairim, nach féidir an t-údarás conarthach a chur faoi dhliteanas i leith staid eisiachais ar an mbonn amháin gurbh é ba chúis le cás den sórt sin trí chonradh níos luaithe a thabhairt i gcrích, cé nach raibh reachtaíocht soláthair phoiblí an Aontais infheidhme maidir leis tráth na conclúide sin. Ar an taobh eile, ní gá gurb é an t-údarás conarthach sin a chruthaigh ná a choinnigh cás den sórt sin ar bun d'aon ghnó chun teorainn a chur leis an iomaíocht agus conarthaí poiblí á ndámhachtain amach anseo.

35 Maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm láithreach agus go hiomlán ar na Ballstáit nua, go raibh ar Phoblacht na Seice, ar a haontachas leis an Aontas, Treoir 93/36/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta chun conarthaí soláthair phoiblí a dhámhachtain (IO 1993 L 199, lch. 1), a aisghaireadh agus ar cuireadh Treoir 2004/18 ina hionad agus a ndearnadh foclaíocht Airteagal 6(3)(b) di a atáirgeadh in Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18, a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Nollaig 2017, *Compania Națională de Administrare a Infrastructurii Rutiere*, C-408/16, EU:C:2017:940, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Dá bhrí sin, ó aontachas Phoblacht na Seice leis an Aontas Eorpach, ní fhéadfadh údarás conarthach de chuid an Bhallstáit sin, faoi Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18, an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré chun córas faisnéise a úsáidtear sa riarachán náisiúnta a chothabháil ach amháin dá mbeadh sé in ann a shuíomh, ar an gcéad dul síos, ar chúiseanna teicniúla nó ar chúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint sa chóras faisnéise sin, nach bhféadfaí an conradh a dhámhachtain ach d'oibreoir eacnamaíoch ar leith agus, ar an dara dul síos, nach raibh na cúiseanna sin inchurtha i leith an údaráis chonarthaigh sin.

37 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, idir an 1 Bealtaine 2004, dáta aontachais Phoblacht na Seice leis an Aontas, agus an 1 Márta 2016, an dáta a tionscnaíodh na himeachtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí, go raibh an deis ag ASA, nó ag a réamhtheachtaí i dteideal, nós imeachta um dhámhachtain conradh poiblí a thionscnamh chun córas faisnéise nua a sholáthar. Ar an dara dul síos, os comhair na cúirte sin, áitíonn ASA go ndearna sé iarracht deireadh a chur le staid eisiachais IBM Česká republika, ach gur dhiúltaigh IBM Česká republika an cóipcheart eacnamaíoch a aistriú i gcód foinseach an chórais faisnéise atá i gceist, agus mar thoradh air sin, dá mba rud é nár roghnaigh sé an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, bheadh an córas faisnéise sin neamh-inúsáidte, agus ag an am céanna chuirfí cosc ar an údarás cánach a chúram a chomhlíonadh.

38 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, i bhfianaise na n-imthosca a bhaineann le tabhairt i gcrích an chonartha tosaigh agus, go háirithe, na himthosca a bhaineann leis an tréimhse idir an 1 Bealtaine 2004 agus an 1 Márta 2016, an raibh an staid eisiachais ar a raibh ASA ag brath chun bonn cirt a thabhairt le cur i bhfeidhm Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18 inchurtha i leith ASA, go háirithe a mhéid a bhí modhanna réadacha agus réasúnta ó thaobh na heacnamaíochta de ag ASA chun deireadh a chur leis an staid eisiachais sin le linn na tréimhse sin sular chinn sí an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré.

39 I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18 a léiriú sa chaoi, chun bonn cirt a thabhairt le húsáid an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, de réir bhrí na forála sin, nach bhféadfaidh an t-údarás conarthach brath ar chosaint ceart eisiach i gcás ina bhfuil cúis na cosanta sin inchurtha ina leith. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an inchurthacht sin ní hamháin ar bhonn na n-imthosca fíorasacha agus dlíthiúla a bhaineann le tabhairt i gcrích conartha tosaigh, ach freisin ar bhonn na n-imthosca sin uile lena léirítear an tréimhse ó dháta na conclúide sin go dtí an dáta a roghnaíonn an t-údarás conarthach an nós imeachta atá le leanúint chun conradh ina dhiaidh sin a dhámhachtain.

Costais

40 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

chun bonn cirt a thabhairt le húsáid an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, de réir bhrí na forála sin, ní fhéadfaidh an t-údarás conarthach brath ar chosaint ceart eisiach i gcás ina bhfuil cúis na cosanta sin inchurtha ina leith. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an inchurthacht sin ní hamháin ar bhonn na n-imthosca

fíorasacha agus dlíthiúla a bhaineann le tabhairt i gcrích conartha tosaigh, ach freisin ar bhonn na n-imthosca sin uile lena léirítear an tréimhse ó dháta na conclúide sin go dtí an dáta a roghnaíonn an t-údarás conarthach an nós imeachta atá le leanúint chun conradh ina dhiaidh sin a dhámhachtain.

[Sínithe]